

## Cabhraigh linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn cógais i COVID-19

Tuairiscigh fo-iarsmaí amhrasta cógais a ghlactar agus COVID-19 ort le do dhochtúir, altra, cógaiseoir, go díreach le d'údarás náisiúnta cógais nó le monaróir do chógais.

Ba cheart d'othair a bhfuil COVID-19 orthu gach fo-iarsmaí amhrasta a mbíonn orthu a thuairisciú agus iad ionfhabhtaithe, lena n-áirítear le cógais atá beartaithe chun an galar nó riochtaí a bhí ann cheana féin a chóireáil.

Ba cheart fo-iarsmaí amhrasta a thuairisciú fiú mura bhfuil an cógais údaraithe le húsáid i COVID-19.



Má tá inní ort faoi aon fho-iarsmaí amhrasta le do chógais, labhair le do dhochtúir nó le do cógaiseoir le haghaidh comhairle.

**Le fáil amach conas tuairisciú chuig d'údarás náisiúnta, téigh chuig an láithreán gréasáin ábhartha:**

[http://www.adrreports.eu/ga/report\\_side\\_effect.html](http://www.adrreports.eu/ga/report_side_effect.html)

### Agus fo-iarsma amhrasta á thuairisciú agat, ba cheart duit an fhaisnéis a leanas ar a laghad a sholáthar:

- D'aois agus d'inscne
- Cibé acu an ndearnadh an t-ionfhabhtú a dhiagnóisiú trí thástáil nó an raibh sé bunaithe ar shiomptóim chliniciúla amháin
- Cur síos ar na fo-iarsmaí
- Ainm an chógais (ainm branda mar aon le substaint ghníomhach) a bhfuil amhras ann gur cúis leis na fo-iarsmaí
- Dáileog agus fad na cóireála leis an gcógas
- Uimhir bhaisce an chógais (le fáil ar an bpacáistíocht)
- Aon chógais eile a ghlactar timpeall an ama céanna, lena n-áirítear cógais neamh-oidis, leigheasanna luibhe nó frithghiniúnaigh
- Aon riochtaí sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith ort